**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0338/2023**

7.11.2023

# TUARASCÁIL

ar chomhar um fhorbairt AE chun rochtain ar oideachas agus ar oiliúint a fheabhsú i dtíortha i mbéal forbartha
(2023/2067(INI))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: György Hölvényi

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................22

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................25

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........26

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar chomhar um fhorbairt AE chun rochtain ar oideachas agus ar oiliúint a fheabhsú i dtíortha i mbéal forbartha**
**(2023/2067(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus Airteagal 24 de, an 12 Nollaig 2006,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaobh Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979 maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989,

– ag féachaint do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 na Náisiún Aontaithe maidir le hOideachas ar Ardchaighdeán,

– ag féachaint do Thuarascáil Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2022,

– ag féachaint do Thuarascáil Bunoideachais 2022 Chiste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF),

– ag féachaint don Tuarascáil 'Education Cannot Wait' de chuid Chiste na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do Chruinniú Mullaigh 2022 na Náisiún Aontaithe maidir le Claochlú an Oideachais a tionóladh i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2022,

– ag féachaint do Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mbaintear an tSaoirse díobh, a foilsíodh an 11 Iúil 2019,

– ag féachaint d'fhoilseachán comhpháirteach ACT Alliance EU, Caritas Europa, EU-CORD agus Islamic Relief Worldwide dar teideal ‘Engaging with local faith actors and communities’ [Teagmháil le gníomhaithe creidimh áitiúla agus pobail],

– ag féachaint do Choinbhinsiún Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) in aghaidh Leithcheal san Oideachas, a glacadh an 14 Nollaig 1960,

– ag féachaint do thionscnamh comhpháirteach UNICEF, UNESCO agus an Bhainc Dhomhanda dar teideal ‘Mission: Recovering Education in 2021’ [Misean: An tOideachas a Thabhairt Slán in 2021],

– ag féachaint don pháipéar cúlra a ullmhaíodh do Thuarascáil Faireacháin maidir leis an Oideachas Domhanda 2021 dar teideal ‘Faith-based schools, education pluralism, and the right to education’ [Scoileanna creideamhbhunaithe, iolrachas oideachais agus an ceart chun oideachais],

– ag féachaint do chlár na Comhpháirtíochta Dhomhanda um Oideachas,

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 i dtreo straitéis AE chun oideachas do leanaí ar fud an domhain a chur chun cinn: tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú[1],

– ag féachaint don éisteacht a d’eagraigh an Coiste um Fhorbairt an 26 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hoideachas i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna fada: rochtain a sholáthar ar oideachas agus ar oiliúint do dhaoine óga,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 dar teideal EU strategy on the rights of the child [Straitéis AE um chearta an linbh] (COM(2021)0142),

– ag féachaint don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI – an Eoraip Dhomanda),

– ag féachaint do Thairseach Domhanda na hAfraice – Pacáiste Infheistíochta don Eoraip,

– ag féachaint do Phrionsabail Abidjan maidir le hoibleagáidí chearta an duine ar Stáit oideachas poiblí a chur ar fáil agus rannpháirtíocht phríobháideach san oideachas a rialáil, mar a comhaontaíodh agus a glacadh sa Chósta Eabhair an 13 Feabhra 2019,

– ag féachaint don chlár Erasmus+,

– ag féachaint do chlár AE maidir le hOideachas i gCásanna Éigeandála,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2018 maidir le hOideachas i gCásanna Éigeandála agus i nGéarchéimeanna Fada (COM(2018)0304),

– ag féachaint do threoirnóta ón gCoimisiúin an 29 Márta 2023 dar teideal ‘Promoting Equitable Partnerships with Local Responders in Humanitarian Settings’ [Comhpháirtíochtaí Cothroma le Freagróirí a chur chun cinn i Suíomhanna Daonnúla],

– ag féachaint do Ráiteas ón gCoimisinéir Lenarčič an 9 Meán Fómhair 2022 maidir leis an Lá Idirnáisiúnta chun an tOideachas a Chosaint ar Ionsaí,

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 dar teideal ‘New European Consensus on Development – Our World, Our Dignity, Our Future’ [An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – ‘Ár nDomhan, ár nDínit, ár dTodhchaí’],

[1] IO C 465, 6.12.2022, lch. 44.

– ag féachaint don Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte arna eisiúint ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun an tOideachas a Chosaint ar Ionsaí, agus don Chreat Cuimsitheach Sábháilteachta Scoile 2022-2030, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2022, ina bhfuil cur chuige 'gach guais, gach riosca', lena n-áirítear guaiseacha nádúrtha agus guaiseacha arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, guaiseacha teicneolaíochta, guaiseacha bitheolaíocha agus sláinte, coinbhleacht agus foréigean chomh maith le contúirtí agus bagairtí laethúla,

– ag féachaint do na Treoirlínte maidir le Scoileanna agus Ollscoileanna a Chosaint ó Úsáid Mhíleata le linn Coinbhleachta Armtha, arna n-eisiúint ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun Oideachas a Chosaint ar Ionsaí, agus do straitéis 2023-2025 na Comhghuaillíochta Domhanda um Laghdú Rioscaí Tubaistí agus um Athléimneacht san Earnáil Oideachais,

– ag féachaint do Straitéis Ilchríochach Oideachais 2016-2025 don Afraic (CESA 16-25)[2] agus don Straitéis Ilchríochach don Oiliúint agus Oideachas Teicneolaíochta agus Gairme chun Fostaíocht Óige a Chothú,

– ag féachaint do pháipéar seasaimh Educo an 1 Márta 2023 dar teideal *Education in Emergencies: an urgent right* [Oideachas i gCásanna Éigeandála: ceart práinneach],

– ag féachaint do Thuarascáil Faireacháin UNESCO maidir leis an Oideachas Domhanda 2021/22,

– ag féachaint don tuarascáil a rinne Tascfhórsa Idirnáisiúnta maidir le Múinteoirí ar son an Oideachais 2030 dar teideal 'Closing the gap: ensuring there are enough qualified and supported teachers in sub-Saharan Africa' [An bhearna a dhúnadh a áirithiú go bhfuil go leor múinteoirí cáilithe agus tacaithe san Afraic fho-Shahárach],

– ag féachaint do thuarascáil Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe maidir le Meitheal Oideachas Réigiúnach i gCásanna Éigeandála Deireadh Fómhair 2021 dar teideal 'Education under attack in West and Central Africa' [Oideachas faoi ionsaí san Afraic Thiar agus Lár],

– ag féachaint don tuarascáil ó Roinn Gnóthaí Fioscacha an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta dar teideal *How to Control the Budget Costs of Public-Private Partnerships* [Conas Costais Fhioscacha na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha a Rialú][3] agus do thuarascáil speisialta Uimh. 09/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Public Private Partnerships in the EU: Widespread shortcomings and limited benefits* [Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha in AE: Easnaimh fhorleathana agus sochair theoranta][4],

– ag féachaint don tuarascáil ó Ghrúpa Meastóireachta Neamhspleách Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda an 8 Meitheamh 2022 dar teideal *An Evaluation of International Finance Corporation (IFC) Investments in K-12 Private Schools* [Meastóireacht ar

[2] An tAontas Afracach, 'Straitéis Ilchríochach Oideachais don Afraic 2016-2025 (CESA 16-25)', 2016.
[3] An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, 'Conas Costais Fhioscacha na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha a Rialú', 16 Meán Fómhair 2018.
[4] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'Tuarascáil Speisialta: Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí san Aontas: Easnaimh fhorleithne agus sochair theoranta', 20 Márta 2018.

Infheistíochtaí ón gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta (IFC) i Scoileanna Príobháideacha K-12][5] agus Freagairt Bhainistíochta IFC,

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2018 maidir le cúnamh forbartha AE i réimse an oideachais[6],

– ag féachaint do Straitéis AE 2021-2030 maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas,

– ag féachaint don Phlean Gníomhaíochta don Aos Óg i ngníomhaíocht sheachtrach AE do 2022-2027,

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne,

– ag féachaint do thuarascáil Chiste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA) 'Staid an Phobail Dhomhanda 2022: ag Feiceáil an Rud Nach bhFeictear'[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2023 maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt[8],

– ag féachaint do threoirlínte AE maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha,

– ag féachaint do Ghealltanas Buenos Aires a glacadh ag an gcúigiú seisiún déag den Chomhdháil Réigiúnach maidir le Mná i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, i mí na Samhna 2022, maidir le heagrú sóisialta cóir an chúraim,

– ag féachaint d'Airteagail 17 agus 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt (A9-0338/2023),

A. de bhrí gur cheart do AE tacú lena thíortha comhpháirtíochta rochtain uilíoch saor in aisce ar an oideachas a bhaint amach agus cuidiú le héiceachóras foghlama a mhúnlú bunaithe ar na scileanna nua is gá a shealbhú i gcomhthéacs ról méadaitheach na digiteála, athléimneacht a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshláin arb é an t-athrú aeráide is cúis leo agus aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann cheana i mbeartais agus i gcleachtais oideachais chun a chur ar chumas a bpobal a n-acmhainneacht iomlán a fhorbairt, forbairt inbhuanaithe a dtíortha baile a chothú agus neamhionannais a laghdú;

B. de bhrí go gcuireann na dúshláin mhóra gan choinne le déanaí, amhail paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí, ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, an ghéarchéim dhomhanda bia, an t-athrú aeráide agus a hiarmhairtí, na géarchéimeanna

[5] Grúpa Meastóireachta Neamhspleách Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda, 'Freagairt Bhainistíochta na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta'.
[6] IO C 363, 28.10.2020, lch. 2.
[7] Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal, 'Staid an Phobail Dhomhanda 2022: ag Feiceáil an Rud Nach bhFeictear'2022.
[8] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0071.

bithéagsúlachta, líon méadaitheach na ngéarchéimeanna daonnúla agus na mbuiséad fiachais-shrianta, mar aon leis an líon méadaitheach géarchéimeanna agus coinbhleachtaí fada, nár cheart dearmad a dhéanamh orthu, go gcuireann siad go léir leis an ngéarchéim foghlama dhomhanda atá ann cheana; de bhrí, de réir UNESCO, gur féidir le tubaistí nádúrtha, paindéimí agus coinbhleachtaí, agus an t-easáitiú inmheánach agus trasteorann a eascraíonn as sin, difear a dhéanamh do mheabhairshláinte na nglún ar fad, agus iad a fhágáil gan oideachas agus gan ullmhú chun rannchuidiú le téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch a dtíre nó a réigiúin;

C. de bhrí go bhfuil tionchar ag an ngéarchéim dhomhanda bia ar oideachas leanaí ar fud an domhain, agus gurb iad na cailíní is mó atá thíos leis;

D. de bhrí go n-íocann teaghlaigh i dtíortha ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim 39 % de chostas iomlán an oideachais i gcomparáid le 16 % i dtíortha ardioncaim, de réir Thuarascáil Faireacháin maidir leis an Oideachas Domhanda 2022 UNESCO;

E. de bhrí, de réir UNESCO, go bhfuil thart ar 244 mhilliún leanbh agus óige lasmuigh den scoil in 2023[9] agus gurb í an Afganastáin an t-aon tír ar domhan ina ndiúltaítear rochtain ar oideachas lasmuigh den bhunscoil do mhná agus do chailíní; de bhrí go ndearna réimeas an Talaban 80 % de chailíní agus de mhná óga atá in aois scoile san Afganastáin a cheilt ar a gceart bunúsach chun oideachais faoi láthair;

F. de bhrí gurb é 224 mhilliún líon na leanaí atá in aois scoile atá buailte ag géarchéim agus a bhfuil tacaíocht oideachais de dhíth orthu agus go bhfuil thart ar 72 mhilliún díobh as an scoil go hiomlán; de bhrí, den 72 mhilliún sin, gur cailíní iad 53 % díobh, go bhfuil deacrachtaí feidhmiúla ag 17 % díobh agus gur easáitíodh 21 % (thart ar 15 mhilliún) go héigeantach;

G. de bhrí nár chumhdaigh tacaíocht dhaonnúil dhomhanda don oideachas ach 22 % de na cistí a iarradh in 2021, rud atá níos lú ná i gcás earnálacha eile; de bhrí, in 2021, nár leithdháileadh ach 2.9 % den tacaíocht dhaonnúil dhomhanda ar an oideachas, in ainneoin sprioc na Náisiún Aontaithe de 4 %;

H. de bhrí, i go leor tíortha atá i mbéal forbartha, go bhfuil na dúshláin is mó fós roimh chailíní maidir le rochtain a fháil ar an mbunoideachas agus timthriall iomlán an oideachais tosaigh a chur i gcrích, lena n-áirítear oideachas iomlán meánscoile agus ardoideachais, agus páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna; de bhrí, i dtíortha ísealioncaim, go gcríochnaíonn níos lú ná dhá thrian de chailíní a mbunoideachas agus nach gcríochnaíonn ach 1 as 3 an mheánscoil íochtarach; de bhrí gur cúis imní ar leith iad na dúshláin sin sa réigiún fo-Shahárach mar thoradh ar na heasnaimh agus na constaicí éagsúla lena n-áirítear bochtaineacht agus neamhionannais inscne-shonracha; de bhrí nach bhfuil rochtain leordhóthanach ag leanaí faoi mhíchumas ar oideachas; de bhrí, mar shampla, go bhfuil dochúlacht trí oiread níos mó ann go mbeidh mná faoi mhíchumas neamhliteartha ná fir nach bhfuil faoi mhíchumas;

I. de bhrí go bhfuil dóchúlacht díréireach níos mó ann do chailíní ná buachaillí go scaoilfidh siad amach as an gcóras oideachais go luath mar gheall ar easpa saoráidí

[9] Fiú roimh phaindéim COVID-19, meastar go raibh 258 milliún leanbh as an scoil ar fud an domhain, agus bhí 132 mhilliún buachaill agus 127 milliún cailín as an scoil.

sláintíochta i scoileanna, easpa saoráidí sábháilte agus tacaíocht spriocdhírithe do chúram sláinte, luathphósadh leanaí agus toircheas, go háirithe, sa réigiún fo-Shahárach; de bhrí go bhfuil rátaí suntasacha d'fhoréigean fisiciúil agus gnéasach a bhaineann le coinbhleacht, fachtóirí airgeadais agus socheacnamaíocha agus dáileadh míchothrom na gcúraimí baile agus tuismitheora idir fir agus mná roimh chailíní, cibé acu an bhfuil siad cláraithe ar scoil nó nach bhfuil, agus, dá bhrí sin, go bhfuil a ndeiseanna fostaíochta agus a slándáil shóisialta á laghdú; de bhrí go n-éiríonn na srianta sin ar rochtain ar oideachas níos déine fós nuair a thrasnaíonn tosca idirdhealaithe eile le hinscne, míchumas, cúlra imirce, suíomh geografach agus baint de mhionlaigh;

J. de bhrí, chun SDG 4 (rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán do chách) a bhaint amach, go bhfuil 21 % den chistiú riachtanach in easnamh i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, arb ionann é agus bearna cistiúcháin USD 97 mbilliún don oideachas;

K. de bhrí go mbaineann dúshláin ní amháin leis an líon ard leanaí lasmuigh den scoil, ach le rátaí críochnaithe ísle freisin; de bhrí gurb é 87 % an ráta críochnaithe don bhunoideachas ar an leibhéal domhanda, i gcomparáid le 63 % sa réigiún fho-Shahárach;

L. de bhrí go bhfuil rochtain ar oideachas agus oiliúint uilíoch ina ceart daonna agus ina bunchloch den fhorbairt inbhuanaithe; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach éagothromaíochtaí sóisialta a laghdú agus cearta bunúsacha eile a bhaint amach, daoine a dhéanamh infhostaithe agus, ar an gcaoi sin, ligean dóibh rochtain a fháil ar obair chuibhiúil a roghnaíonn siad a dhéanamh, daoine óga agus, go háirithe, cailíní agus mná a chumhachtú chun neamhspleáchas a fháil agus éalú ón mbochtaineacht agus a bheith ina ngníomhaithe athraithe ina bpobail agus ina dtíortha; de bhrí, chun na críche sin, gur cheart go mbeadh curaclaim oiliúna agus ceanglais an mhargaidh comhsheasmhach;

M. de bhrí gur dúshlán mór fós é cáilíocht an oideachais roinnt mhaith tíortha agus réigiún sa Domhan Theas, go háirithe, sa réigiún fho-Shahárach, áit nach bhfuil 9 as 10 leanbh faoi 10 mbliana d'aois in ann léamh , cé go bhfuil an chuid is mó díobh ar scoil; de bhrí go bhfuil leibhéil ísle foghlama agus cóimheas ard dalta le múinteoir oilte de 58 ndalta in aghaidh an mhúinteora oilte ar leibhéal na bunscoile agus 43 dhalta in aghaidh an mhúinteora oilte ar leibhéal na meánscoile mar shaintréith den réigiún freisin; de bhrí, de réir mheastacháin UNESCO, nach amháin gurb é an réigiún fo-Shahárach an réigiún ina bhfuil an líon is airde leanaí lasmuigh den scoil, ach freisin gurb é an t-aon réigiún é ina bhfuil an líon sin ag fás agus gur shroich sí 98 milliún in 2021; de bhrí go dtugann an gairmoideachas deis scileanna nó inniúlachtaí a fháil do phoist phraiticiúla a bhaineann le ceird nó slí bheatha ar leith; de bhrí, de réir an Bhainc Dhomhanda, gurb é Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib na réigiúin inar tháinig an méadú is mó ar rátaí bochtaineachta foghlama idir 2019 agus 2022, agus gur shroich siad an leibhéal céanna leis an Áise Theas;

N. de bhrí go ndéanann bochtaineacht, coinbhleacht, tubaistí nádúrtha, foréigean agus eisiamh, saothar leanaí agus cruatan eile a tharlaíonn le linn leanaí agus ógánaigh atá íogair ó thaobh forbartha de difear do chumas daoine óga foghlaim; de bhrí go ndéanann an tráma a fhulaingíonn siad dochar dá n-athléimneacht agus dá scileanna chun déileáil le rudaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moilleanna forbartha nach ndéanann an córas oideachais cúiteamh ina leith go héifeachtach;

O. de bhrí, faoi 2030, go mbeidh gá le 68.8 milliún múinteoir breise a earcú don bhunoideachas agus don mheánoideachas chun rochtain a leathnú dóibh siúd a fhágann an lucht saothair agus chun ionadú a dhéanamh orthu, de réir UNESCO; de bhrí go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar chion na múinteoirí cáilithe sa réigiún fo-Shahárach ó 2000 i leith ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile araon, agus chun SDG 4 a bhaint amach, gur gá 15 mhilliún múinteoir nua a earcú faoi 2030;

P. de bhrí go leagtar amach i samhail Institiúid Staidrimh UNESCO ar réamh-mheastacháin maidir le múinteoirí chun SDG 4 a bhaint amach tagarmharc 40 mac léinn in aghaidh an mhúinteora (40:1) ar leibhéal na bunscoile, 35:1 ar leibhéal na meánscoile íochtaraí agus 30:1 ar leibhéal na meánscoile uachtaraí;

Q. de bhrí, i roinnt mhaith réigiún den domhan, nach bhfuil an bonneagar fisiciúil le haghaidh timpeallachtaí oideachais agus foghlama leordhóthanach agus go bhfuil siad tearcmhaoinithe, go háirithe do leanaí faoi mhíchumas agus a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, go háirithe sa réigiún fo-Shahárach, áit nach bhfuil leictreachas ach ag 47 % de scoileanna agus nach bhfuil uisce óil ná saoráidí leordhóthanacha sláintíochta agus sláinteachais míosta do chailíní agus do mhná óga ag níos mó ná 50 %;

R. de bhrí nach amháin go ndíríonn ionsaithe ar scoileanna ar bhonneagar fisiciúil, ach go gcuireann siad saol na múinteoirí agus na ndaltaí i mbaol freisin;

S. de bhrí nach bhfuil seirbhísí sóisialta poiblí a sholáthraíonn an stát, amhail oideachas agus cúram sláinte, ar fáil go huilíoch fós i dtíortha atá i mbéal forbartha; de bhrí go bhfuil scoileanna agus institiúidí oideachais eile arna n-oibriú ag gníomhaithe neamhstáit, lena n-áirítear eagraíochtaí creideamhbhunaithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, atá cuimsitheach agus comhlántach le córais oideachais náisiúnta agus oideachas uilíoch ar ardchaighdeán a chur ar fáil, tábhachtach chun na bearnaí a mhaolú i gcás nach leor an stát chun rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán a áirithiú;

T. de bhrí, sa bhreis ar an easpa slándála agus cistithe bonneagair leordhóthanaigh oideachais, na rátaí arda foréigin agus coinbhleachta, neamhionannas inscne, tionchar an athraithe aeráide agus easnaimh i rialacháin náisiúnta, lena n-áirítear easnaimh maidir le tagarmharcáil scileanna litearthachta agus pleanáil curaclam, easpa ábhar léitheoireachta inrochtana agus acmhainní foghlama eile agus easpa oiliúna ardcháilíochta do mhúinteoirí, go bhfuil dúshláin bhreise ann maidir le SDG 4 a bhaint amach i dtíortha i mbéal forbartha;

U. de bhrí go bhfuil Innéacs Caipitil Dhaonna thíortha na hAfraice Fo-Shaháraí fós íseal, ag 0.4 i gcomparáid leis an meán domhanda de 0.57, rud a thugann le fios nach mbaineann an réigiún fo-Shahárach ach 55 % dá acmhainneacht caipitil dhaonna; de bhrí go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag daonra óg na hAfraice borradh a chur faoin bhforbairt inbhuanaithe ar an mór-roinn, má chumhachtaítear é, a bhuí le deiseanna leordhóthanacha oideachais, oiliúna, oibre agus cinnteoireachta; de bhrí go meastar go bhfágann 70 000 gairmí ardoilte an Afraic gach bliain; de bhrí gur saintréith de mhargadh an tsaothair san Afraic fho-Shahárach é neamhréir scileanna atá ag dul i méid, táirgiúlacht íseal, poist ar phá íseal, dífhostaíocht ard i measc na hóige agus tearcfhostaíocht i gcoinne daonra óige atá ag dul i méid agus a meastar go sroichfidh sé níos mó ná 1 bhilliún faoi 2050; de bhrí, de réir mheastacháin Ghrúpa Bhanc Forbartha

na hAfraice, nach gcruthaítear ach 3 mhilliún post foirmiúil gach bliain ar an mór-roinn, agus go mbíonn 10 go 12 mhilliún duine óg ag dul isteach i margadh an tsaothair gach bliain; de bhrí gur tháinig méadú 3.8 % agus 1.5 % faoi seach ar rátaí NEET (cion na hóige nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna) i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, agus san Áise agus san Aigéan Ciúin in aon bhliain amháin, agus go bhfuil an bhearna idir na hinscní an-suntasach sa dá réigiún, de réir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;

V. de bhrí gur líontán sábhála ríthábhachtach é cothú scoile do leanaí agus do theaghlaigh leochaileacha, go háirithe tráth a bhfuil leibhéil géarchéime ocrais roimh 345 mhilliún duine, lena n-áirítear 153 mhilliún leanbh agus daoine óga; de bhrí go mbaineann 418 milliún leanbh tairbhe as béilí scoile ar fud an domhain anois, agus go bhfuil 53 mhilliún díobh ina gcónaí sa réigiún fo-Shahárach;

W. de bhrí gur féidir le cláir béilí scoile clárú scoile a mhéadú faoi 9 % ar an meán;

X. de bhrí go bhfuil an tAontas Afracach agus roinnt tíortha sa réigiún fo-Shahárach ag gabháil de réir a chéile do chláir béilí scoile agus go bhfuil rannpháirteach freisin i maoiniú na dtionscnamh sin;

Y. de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar líon agus ar fhad na ngéarchéimeanna daonnúla le deich mbliana anuas, agus go maireann géarchéim dhaonnúil ar an meán níos mó ná naoi mbliana anois; de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar mheánfhad an easáitithe chomhaimseartha; de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar sciar bhuiséad daonnúil AE a caitear ar oideachas i gcásanna éigeandála ó 1 % in 2015 go 10 % in 2019 agus go bhfuil sé á chothabháil ar an leibhéal sin ó shin i leith; de bhrí gur shroich luach iomlán an chaiteachais sin EUR 970 milliún idir 2015 agus 2022; de bhrí nach leor an buiséad sin go fóill agus go leanann an bhearna cistiúcháin don oideachas i gcásanna éigeandála de bheith ag fás;

Z. de bhrí gur gheall an Coimisiún 10 % ar a laghad d'infheistíochtaí ó bhuiséad AE a thiomnú don chomhar um fhorbairt, go háirithe faoin ionstraim NDICI — an Eoraip Dhomhanda, chun cáilíocht, comhionannas agus cothromas san oideachas a áirithiú, agus chun scileanna agus poist a mheaitseáil i dtíortha i mbéal forbartha;

AA. de bhrí go n-áirítear oideachas agus taighde sa tionscnamh Global Gateway mar cheann dá phríomhthosaíochtaí infheistíochta, lena n-áirítear an t-oideachas digiteach, le peirspictíocht foghlama ar feadh an tsaoil, i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus é mar aidhm leis soghluaisteacht mac léinn, foirne, múinteoirí agus oiliúnaithe a éascú, agus líonraí agus piarfhoghlaim a neartú ar fud na n-institiúidí ardoideachais;

1. á athdhearbhú go bhfuil an ceart chun oideachais ag gach duine agus nach mór don oideachas, go háirithe an t-oideachas bunata, a bheith saor, ar ardchaighdeán, cuimsitheach, inrochtana gan aon chineál idirdhealaithe agus éigeantach chun na SDGanna a bhaint amach faoi 2030, agus nach mór oideachas teicniúil agus gairmiúil, chomh maith leis an ardoideachas, a bheith chomh inrochtana céanna;

2. ag tabhairt dá haire, ó tháinig NDICI — an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda[10] i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2021, go bhfuil gealltanais formheasta faoin ionstraim ag 49 dtír nach tíortha comhpháirtíochta comharsanachta iad, chomh maith le trí chlár théascacha réigiúnacha eile (an Afraic fho-Shahárach, an Áise-an tAigéan Ciúin agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib), ina bhfuil méid foriomlán EUR 1.4 billiún geallta go dtí 2022, an Nigéir (EUR 95 mhilliún), Mósaimbíc (EUR 58.5 milliún), Neipeal (EUR 51.5 milliún) agus Ruanda (EUR 51.3 milliún) leis na sciartha is airde ó thaobh méideanna ainmniúla de;

3. ag tabhairt dá haire go ndearnadh 60 % de na gealltanais a bhaineann leis an oideachas d'idirghabhálacha i bhfoirm tionscadal, 25 % do thacaíocht bhuiséadach ghinearálta agus, go príomha, tacaíocht bhuiséadach earnála, 7 % do ranníocaíochtaí le cláir shainchuspóireacha agus cistí arna mbainistiú ag comhpháirtithe cur chun feidhme, amhail an Chomhpháirtíocht Dhomhanda don Oideachas, agus 8 % do scoláireachtaí/oiliúint i dtíortha bronntacha;

4. ag cur béim ar an bhfíoras gur acmhainneacht ollmhór forbartha don réigiún fo-Shahárach é an daonra óg atá ag fás go tapa mar aon le hacmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht saibhre má chuirtear na deiseanna cearta ar fáil chun forbairt dhaonna a chothú;

5. á aithint go bhfuil sé d'acmhainn ar leith ag an oideachas uilíoch feabhas a chur ar dhálaí maireachtála, neamhionannais a laghdú, bochtaineacht a chomhrac, dúshaothrú leanaí agus gáinneáil ar leanaí a chomhrac, daonlathú agus bunú sochaithe cuimsitheacha a chothú agus soghluaisteacht shóisialta a éascú chun a áirithiú go mbeidh gach leanbh agus gach duine fásta, lena n-áirítear dídeanaithe, daoine easáitithe agus grúpaí leochaileacha eile, in ann a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar dearfach ag oideachas ardcháilíochta ar shaoránacht a chothú, ar luachanna sóisialta comhroinnte, rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a chur chun cinn agus ar shochaí fhreagrach agus shíochánta a bhunú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur uirlis é an t-oideachas ardcháilíochta chun radacú i measc na hóige a chosc agus a chomhrac;

6. ag cáineadh aon úsáid a bhaintear as scoileanna agus institiúidí oideachais chun an fhuathchaint a scaipeadh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, go háirithe, gníomhaíochtaí na ngrúpaí antoisceacha reiligiúnacha a bhaineann mí-úsáid as an oideachas, agus a bhaineann leas as easnaimh na gcóras stáit agus dearcthaí domhanda claonta a scaipeadh, go háirithe i measc daoine óga;

7. á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag an oideachas mar mheán chun luachanna a chomhroinnt, feasacht a mhúscailt agus riosca coinbhleachta a laghdú; á iarraidh ar an Aontas tacú le cláir um chomhar lena rannchuidítear le hoideachas a chur ar dhaoine óga agus feasacht a mhúscailt i measc daoine óga maidir leis an gcomhrac i gcoinne na fuathchainte, na seineafóibe, an fhoréigin in aghaidh na mban, an fhoréigin atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh nó ar mhíchumas agus i gcoinne gach cineál idirdhealaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha; ag moladh go ndéanfaí eolas a tharchur maidir leis an

[10] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.

nasc idir an talamh agus an fharraige agus an géarghá leis an aigéan a chaomhnú agus a chosaint — leas coiteann an chine dhaonna;

8. á aithint gur deis níos mó é rochtain ar an oideachas d'fhorbairt inbhuanaithe, chothrom agus shíochánta tíortha agus sochaithe; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht bhunúsach leis an oideachas sa mhéid is go ndéanann sé difear d'ionchais daoine obair chuibhiúil a fháil, d'fheidhmiú a gceart mar shaoránaigh, dá ndeiseanna páirt a ghlacadh sa tsochaí agus dá sláinte;

9. á aithint go gcumasaítear le rochtain ar oideachas uilíoch ar ardchaighdeán, go háirithe bunoideachas, do thíortha comhpháirtíochta atá i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainneacht chaipiteal daonna a ndaonraí óga agus borradh a chur ní hamháin faoin bhforbairt dhaonna, ach freisin faoi fhás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta inbhuanaithe a dtíortha mar chuid de chur chuige lena n-ailínítear le córais oideachais phoiblí atá saor agus cothrom agus lena dtacaítear leo; ag spreagadh comhar maidir le hoideachas talmhaíochta idir institiúidí ardoideachais Eorpacha agus tíortha comhpháirtíochta amhail iad siúd atá rannpháirteach sa Bhalla Mór Glas, tionscadal nuálach arb é is aidhm dó pobail áitiúla a chumasú chun oiriúnú don athrú aeráide, lena gcuirtear bainistiú comhtháite éiceachórais chun cinn agus lena gcuirtear réiteach ar neamhshlándáil an tsoláthair bia ar fud chrios na Saiheile ar fáil trí dhíriú ar an gcomhrac i gcoinne díghrádú talún agus fairsingiú fásaigh, rud a chabhraíonn, i measc buntáistí eile, le dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce éigeantais;

10. á chur i bhfios go láidir gur gá aitheantas a thabhairt do chumhacht chlaochlaitheach an oideachais agus na hoiliúna ar gach leibhéal chomh maith leis an gcultúr agus an oidhreacht d'fhorbairt caipitil dhaonna agus do chruthú post; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, gur gá díriú níos mó ar eitic na hoibre agus ar ról na mban agus na hóige, agus gur gá aitheantas a thabhairt do ról na ngníomhaithe áitiúla éagsúla mar ghníomhairí forbartha chun dlús a chur le rochtain ar oideachas agus ar oiliúint; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oideachas agus oiliúint a chur chun cinn chun slite beatha inbhuanaithe a chothú, agus mar réamhriachtanas chun Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe chun go n-aithneoidh cailíní agus mná a ról mar ghníomhaithe ar son an athraithe ina bpobail agus ina dtíortha;

11. á chur i bhfáth, ina leith sin, an acmhainneacht mhór a bhaineann le heolas, scileanna agus fios gnó a chomhroinnt i réimsí amhail oiriúnú don athrú aeráide, caomhnú na bithéagsúlachta agus aistrithe agrai-éiceolaíocha; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, an ról is féidir a bheith ag críocha Eorpacha thar lear maidir le comhar agus cláir shoghluaisteachta agus malartaithe a fhorbairt le tíortha atá i mbéal forbartha ina n-imchuacha réigiúnacha, go háirithe le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS); ag tacú le clár Erasmus+ a leathnú tuilleadh chuig tíortha na hAfraice agus á iarraidh go ndéanfaí é a leathnú tuilleadh agus á mholadh go bhforbrófaí tionscadail agus comhpháirtíochtaí soghluaisteachta lena ndírítear ar tharraingteacht an oideachais i dtíortha AE agus i gcórais oiliúna na dtíortha comhpháirtíochta araon a neartú;

12. ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin éagsúla roimh thíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe i réimse an oideachais, mar thoradh ar a gcúlraí cultúrtha, sóisialta agus

eacnamaíocha éagsúla agus, dá bhrí sin, gur gá iarrachtaí AE a chur in oiriúint do thimpeallachtaí agus do dhálaí áitiúla;

13. ag tabhairt dá haire go gcuirtear bac ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch i dtíortha comhpháirtíochta AE mar gheall ar an easpa gairmithe oilte atá ar fáil go háitiúil; ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, go bhfuil infheistíochtaí san oideachas treasach, agus go háirithe i scileanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), ríthábhachtach do dheiseanna nua fostaíochta don aos óg agus do chruthú post ar ardchaighdeán nó d'aistriú post; á iarraidh ar AE daoine óga a threorú i dtreo phoist na todhchaí trí thacú le forbairt oiliúna agus scileanna a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus leis an nuálaíocht theicneolaíoch i dtíortha atá i mbéal forbartha; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oideachas agus oiliúint na gcailíní agus na mban in ETIM a chur chun cinn;

14. á iarraidh go mbeadh leictriú i dtíortha i mbéal forbartha ina phríomhthosaíocht, ós rud é go mbaineann easpa leictreachais nó rochtain neamhleor ar leictreachas i gcuid mhaith de chríocha na dtíortha sin an bonn go mór ó riachtanais bhunriachtanacha shaol laethúil na ndaoine, go háirithe maidir le sláinte, slándáil bia, cúram leighis agus ospidéil, agus oideachas;  ag tabhairt dá haire nach mór don leictriú laghdú na bochtaineachta a chumasú trí ghníomhaíochtaí táirgiúla eacnamaíocha a chruthú, trí rochtain ar phríomhacmhainní foghlama digiteacha nua agus trí chianfhoghlaim chun rochtain ar oideachas agus ar oiliúint a fheabhsú go héifeachtach;

15. á cur i bhfios go láidir nach mór rochtain ar oideachas uilíoch ar ardchaighdeán mar cheart daonna a áirithiú do chách, gan beann ar stádas socheacnamaíoch, cúlra cultúrtha, reiligiún nó creideamh, inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, suíomh geografach nó an deighilt tuaithe-uirbeach, lena n-áirítear tíortha leochaileacha agus tíortha ina bhfuil coinbhleacht; á chur i bhfios go láidir gur gá dul i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta, go háirithe le tíortha sa réigiún fo-Shahárach, trí thuiscint a fháil ar na híogaireachtaí áitiúla agus trí iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthuiscint ar na dúshláin sin;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíochtaí agus treoirlínte a fhorbairt lena gcuirfear feabhas ar chumas a chuid tionscadal cabhrach dul chomh fada le gach foghlaimeoir, go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh nach mbeadh in ann rochtain a fháil ar oideachas; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, ar na dúshláin ar leith atá roimh dhaoine atá easáitithe go héigeantach agus ar a thábhachtaí atá sé suaitheadh a laghdú agus leanúnachas an oideachais a áirithiú;

17. á chur i bhfáth gur gá tacú le hiarrachtaí na dtíortha atá i mbéal forbartha comhdheiseanna oideachais agus oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin chomhaimseartha agus lena gcomhlíontar caighdeáin nua-aimseartha do chách;

18. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún bearta reachtúla iomchuí a dhéanamh i réimse na trádála agus an chomhoibrithe idirnáisiúnta chun géarú ar dúshaothrú leanaí a sheachaint, ós rud é go bhfuil ceart bunúsach ag gach leanbh clárú in oideachas ar ardchaighdeán; ag spreagadh tíortha ar fud an domhain chun creata dlíthiúla a chur i bhfeidhm maidir le clárú poiblí i scoileanna agus chun aois fágála scoile íosta a shocrú;

19. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil cailíní agus mná i dtíortha atá i mbéal forbartha an-leochaileach do bhreith linbh luath agus do thoircheas neamhbheartaithe, pósadh leanaí, gáinneáil, striapachas, ciorrú ball giniúna, tarchur galar gnéas-tarchurtha, lena n-áirítear VEID, agus foréigean inscnebhunaithe, go háirithe i gceantair bhochta iargúlta nó scoite amach chomh maith le géarchéimeanna daonnúla; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe i gcomhréir le SDG 5, mar a comhaontaíodh i gcomhréir le Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus le doiciméid toraidh a gcomhdhálacha athbhreithnithe;

20. á iarraidh, thairis sin, ar an Aontas tacú le cláir lena n-éascaítear rochtain daoine óga ar sheirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais i mbunaíochtaí oideachais agus oiliúna, go háirithe do chailíní agus do mhná óga, agus pleananna gníomhaíochta inscne AE á gcur san áireamh;

21. á thabhairt chun suntais, ina leith sin, gur gá oibriú le tíortha comhpháirtíochta chun oideachas gnéasachta atá cuimsitheach, fianaise-bhunaithe agus oiriúnach ó thaobh aoise de a spreagadh lena gcuirfear faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise de ar fáil maidir le caithreachas, an timthriall míosta, toircheas agus breith linbh; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé sin eolas atá oiriúnach ó thaobh aoise de a thabhairt do dhaoine óga, chun feasacht a mhúscailt maidir le foréigean inscnebhunaithe agus sláinte atáirgthe, lena dtugtar breac-chuntas ar a thábhachtaí atá sé mí-úsáid ghnéasach a chosc, chomh maith le toircheas agus pósadh luath a chosc, éagothromaíochtaí inscne a dhúnadh i ngach gné agus ar gach leibhéal oideachais, ceannaireacht na mban a chur chun cinn, noirm, dearcthaí agus cleachtais dhíobhálacha inscne a athrú agus comhroinnt níos cothroime cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir a chur chun cinn i gcomhréir le coincheap na sochaí cúraim;

22. á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go bhfuil gach timpeallacht scoile sábháilte agus sláinte agus folláine na ndaoine óga uile a chur chun cinn, chomh maith lena thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh cailíní sa scoil agus sa phobal araon agus an gá atá le cearta agus deiseanna comhionanna a áirithiú do chailíní agus do bhuachaillí, agus do mhná agus d’fhir i ngach gné agus gach leibhéal oideachais agus cumhachtaithe;

23. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá bonneagar, trealamh agus ábhair foghlama ar ardchaighdeán mar réamhriachtanais chun oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil; á iarraidh go mbeadh bearta ann lena n-áiritheofar inrochtaineacht scoile agus iompar scoile, go háirithe do leanaí faoi mhíchumas; ag tathant ar an gCoimisiún cláir a chur ar bun lena gcuirtear an tacaíocht riachtanach a bhaineann le míchumas ar fáil chun bacainní amhail timpeallachtaí dorochtana don oideachas agus don oiliúint a shárú; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid teicneolaíochtaí cúnta agus digitiú a chur chun cinn níos mó chun críoch oideachais lena ndéantar an fhoghlaim níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus lena gcumasófar teagasc Braille nó teanga chomharthaíochta do leanaí lagamhairc agus dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta nó cainte orthu;

24. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar líon na leanaí atá buailte ag géarchéim; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, in éineacht leis an gcomhphobal idirnáisiúnta sa chomhthéacs sin, réitigh nuálacha a chur chun

feidhme chun deiseanna oideachais a chur ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní atá buailte ag coinbhleachtaí, ag géarchéimeanna daonnúla agus lagbeartais náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar oideachas, go háirithe do chailíní agus do mhná faoi réimis ollsmachtacha; ag tabhairt dá haire, thairis sin, maidir le rochtain ar oideachas a áirithiú do leanaí agus daoine óga i ngéarchéimeanna daonnúla go n-éilítear leis comhar feabhsaithe idir gníomhaithe daonnúla agus gníomhaithe forbartha, trí rannpháirtíocht chomhordaithe agus chórasach le geallsealbhóirí áitiúla, lena n-áirítear ionadaithe na sochaí sibhialta, an oideachais agus an rialachais; ag tathant ar an gcomhphobal idirnáisiúnta, thairis sin, chun cur chuige maidir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le géarchéimeanna fadtréimhseacha; á chur i bhfios go láidir gur cheart d'earnáil an oideachais tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí sonracha ullmhachta agus do ghníomhaíochtaí beartais chun riosca a réamh-mheas agus chun freagairt do riachtanais oideachais leanaí agus daoine fásta i gcásanna géarchéime, lena n-áirítear pobail easáitithe; ag tabhairt dá haire, chun na críche sin, gur cheart go ndíreodh pleanáil atá íogair ó thaobh géarchéime de ar na rioscaí don oideachas a bhaineann le coinbhleachtaí agus guaiseacha nádúrtha, lena n-áirítear rioscaí aeráide, chun tionchar diúltach géarchéimeanna ar fhoghlaimeoirí aonair, ar mhúinteoirí agus ar an riarachán oideachais a theorannú;

25. á chur i bhfios go láidir gur gá córais oideachais agus bonneagair atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a fhreagraíonn do shuaitheadh a dhearadh lena gcuirfear ar chumas leanaí leanúint de bheith ag foghlaim i dtimpeallacht leochaileach agus le linn thionchair na géarchéime aeráide;

26. ag tabhairt dá haire go bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá in easnamh go mór in achainíocha daonnúla ar oideachas i gcásanna éigeandála; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag ciste 'Education Cannot Wait' na Náisiún Aontaithe chun dlús a chur leis an dul chun cinn maidir leis an tsaincheist sin;

27. á thabhairt chun suntais na deiseanna a chuirtear ar fáil trí dhul i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta, leis an bpobal áitiúil, le heagraíochtaí neamhpháirtíneacha, neamhbhrabúsacha, le heagraíochtaí áitiúla creideamhbhunaithe, chomh maith le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an óige, ar mhná agus ar chailíní, agus ar dhaoine faoi mhíchumas, a rannchuidíonn leis an gcóras náisiúnta oideachais poiblí; á thabhairt chun suntais freisin an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta a chuireann oideachas ar fáil i gcásanna éigeandála; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil sé d'acmhainn ag na heagraíochtaí sin rochtain dhaonnúil a éascú agus, dá bhrí sin, éifeachtúlacht ghníomhaíochtaí AE a mhéadú agus cúnamh AE a chumasú chun dul go díreach chuig grúpaí leochaileacha lena n-áirítear daoine óga i suíomhanna éigeandála agus pobail i gceantair iargúlta;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí feabhas a chur ar a gcomhar agus ar a gcomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí áitiúla, lena n-áirítear eagraíochtaí creideamhbhunaithe agus rialtais áitiúla dhaonlathacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, ar an óige agus ar mhná chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chuireann deiseanna oideachais ar fáil do ghrúpaí leochaileacha agus iargúlta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte nó deacrachtaí sóisialta os a gcomhair, i gcomhréir le Prionsabail Abidjan maidir le hoibleagáidí chearta an duine atá

ar Stáit oideachas poiblí a chur ar fáil agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí san oideachas a rialáil; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról thar a bheith tábhachtach ag toscaireachtaí AE i dtíortha comhpháirtíochta maidir le ról a thabhairt do na gníomhaithe sin i gcur chun feidhme chistiú AE le haghaidh rochtain ar oideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach, mar phríomhphointe teagmhála do chomhpháirtithe áitiúla;

29. á chur i bhfios go láidir go bhfuil caillteanas oibrithe óga, tallann agus beogacht i gceist le himirce daoine oilte ó thíortha i mbéal forbartha agus go bhfuil tionchar aici ar fhorbairt eacnamaíoch agus inbhuanaithe sna tíortha sin, go háirithe in earnáil an chúraim sláinte; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil thart ar USD 2 bhilliún caillte ag tíortha na hAfraice trí imirce daoine oilte in earnáil an chúraim sláinte amháin idir 2002 agus 2015, agus go gcruthaíonn oideachas ar ardchaighdeán a chomhlíonann éilimh an mhargaidh poist, as a dtagann laghdú ar imirce daoine oilte;

30. á chur i bhfáth nach amháin go bhfuil béilí scoile saor in aisce ríthábhachtach do shláinte agus d'fhoghlaim na ndaltaí, don chomhrac i gcoinne an ocrais agus an mhíchothaithe, agus do rollú scoile a mhéadú, ach go bhfuil tionchar dearfach eacnamaíoch acu freisin; á áitiú gur féidir le táirgeadh bia áitiúil atá bunaithe ar agra-éiceolaíocht agus ar iascaigh inbhuanaithe cabhrú go mór leis an mbochtaineacht agus leis an ocras a chomhrac, agus a fhágann nach mbíonn pobail chomh spleách céanna ar sholáthairtí bia ó mhargaí seachtracha; á iarraidh ar AE tacú le cláir chomhair lena n-éascaítear rochtain daoine óga ar bhéilí scoile saor in aisce;

31. á chur i bhfáth go bhfuil ról ar leith ag toscaireachtaí AE maidir le dul i mbun idirphlé le rialtais áitiúla dhaonlathacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí um chearta an duine, le heagraíochtaí ban, le comhlachais tuismitheoirí, le comhlachais múinteoirí, le hinstitiúidí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus le geallsealbhóirí áitiúla creideamhbhunaithe, i measc grúpaí eile, mar a shonraítear in Airteagal 17 CFAE, agus é mar aidhm leis sin éifeachtúlacht a mhéadú agus a áirithiú go sroicheann tacaíocht AE pobail iargúlta, pobail ar deacair teacht orthu agus pobail leochaileacha;

32. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sonraí maidir le riachtanais oideachais agus sonraí imdhealaithe de réir inscne, aoise, stádas míchumais, etc., chomh maith le creat cuimsitheach a bhunú chun sonraí imdhealaithe maidir le tionscnaimh arna gcistiú ag an Aontas san oideachas cuimsitheach a bhailiú agus a anailísiú go córasach chun cistiú a rianú don chuimsiú agus chun tuairisciú i gcoinne táscairí cothromais;

33. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar mheasúnuithe costais agus tionchair le linn roghnú agus faireachán a dhéanamh ar thionscnaimh oideachais, lena n-áirítear an gá atá lena áirithiú go mbeidh tréimhse leordhóthanach ag tionscadail chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riachtanais oideachais leanaí, agus chun ualaí riaracháin iomarcacha do chomhpháirtithe cur chun feidhme a sheachaint agus chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach do chláir oideachais;

34. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a bheith níos airdeallaí i gcoinne calaoise ionas go sroichfidh cistí AE a bhfaighteoirí deiridh chun freastal ar chuspóirí forbartha;

35. á iarraidh go ndéanfaí dianmheastóireacht agus dianrialú ar leithdháileadh chistiú AE ar thionscadail oideachais chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh ar fáil go héifeachtach do struchtúir agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha atá i gcomhréir le luachanna Eorpacha;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh teicniúil a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta AE, i gcomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaithe ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun feabhas a chur ar cháilíocht na rialachán náisiúnta, na gcaighdeán cáilíochta agus na bpleananna maidir le hoideachas chomh maith le bailiú sonraí agus faireachán, d'fhonn rialachas iomchuí agus pleanáil fhadtéarmach a éascú chun córais oideachais a neartú, go háirithe córais oideachais poiblí; á mheabhrú go bhfuil gá le cur chuige ilearnálach maidir leis an oideachas;

37. ag tabhairt dá haire an tionchar forbartha a d'fhéadfadh a bheith ag beartas oideachais dhigitigh lena gcruthaítear an deis don ríomhfhoghlaim, trí réitigh shaincheaptha maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm sa teagasc agus san fhoghlaim chun go mbeidh sé oiriúnach do chomhthéacsanna réigiúnacha agus áitiúla, ar choinníoll go bhfuil dálaí leordhóthanacha i bhfeidhm;

38. á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht ag baint leis na teicneolaíochtaí digiteacha agus leis an ríomhfhoghlaim chun rochtain daoine ar oideachas agus ar oiliúint a éascú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas nó daoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta nó scoite amach; á iarraidh ar an Aontas tacú le bonneagar nascachta agus cumais dhigiteacha a fhorbairt i dtíortha atá i mbéal forbartha chun na pobail is iargúlta a thabhairt níos gaire don oideachas agus chun a scileanna digiteacha a fhorbairt;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tionscnaimh lena gcuirtear ar chumas gairmithe agus oideoirí ó thíortha AE a gcuid eolais agus taithí a aistriú chuig comhghleacaithe i dtíortha i mbéal forbartha trí chláir mhalartaithe chultúrtha agus ghairmiúla atá cosúil le clár Erasmus+;

40. á aithint go n-áiritheofaí torthaí foghlama níos cothroime trí thosaíocht a thabhairt do chistiú le haghaidh oideachas réamh-bhunscoile agus bunscoile, mar go sroichfeadh sé na codanna is boichte den tsochaí; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hinfheistíochtaí in oideachas agus in oiliúint ar ardchaighdeán chun forbairt dhaonna iomlán a bhaint amach; á mheas, thairis sin, go gcuireann gníomhaíochtaí seach-churaclaim i scoileanna go mór le forbairt shóisialta daoine óga;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta AE, i gcomhar leis na Ballstáit, chun feabhas a chur ar rialacháin náisiúnta agus ar phleananna buiséid maidir le hoideachas; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá cláir ilbhliantúla tháscacha chun córais oideachais phoiblí ar ardchaighdeán agus a gcobhsaíocht fhadtéarmach a neartú;

42. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá buiséadú náisiúnta maidir le tús áite a thabhairt don oideachas agus don oiliúint i dtíortha comhpháirtíochta agus sciar seasta OTI a thiomnú chun tús áite a thabhairt don oideachas agus chun cuimsiú na mban agus na gcailíní sa chóras oideachais a fheabhsú, chomh maith le hollstruchtúr airgeadais a bheartú chun straitéisí scileanna réigiúnacha agus áitiúla a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an gealltanas a thug sínitheoirí an Dearbhaithe

maidir le Maoiniú Oideachais an 6 Iúil 2021 go leanfadh tíortha comhpháirtíochta na Comhpháirtíochta Domhanda don Oideachas (GPE) a bhfuil níos mó ná 20 % dá gcaiteachas poiblí bliantúil caite acu ar oideachas roimh phaindéim COVID-19 den leibhéal infheistíochta sin a chosaint trí bhuiséid oideachais a choinneáil os cionn an leibhéil sin, agus go ndéanfadh tíortha comhpháirtíochta GPE a bhfuil níos lú ná 20 % dá gcaiteachas poiblí bliantúil caite acu ar oideachas iarracht a gcaiteachas ar oideachas intíre a mhéadú de réir a chéile i dtreo an tagarmhairc dhomhanda de 20 % go dtí 2025;

43. á thabhairt chun suntais a ríthábhachtaí atá sé cumas caiteachais na dtíortha comhpháirtíochta don oideachas a mhéadú, trí chúnamh a chur ar fáil chun a mbonn cánach a leathnú, imghabháil cánach a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar shreafaí aindleathacha airgeadais; á aithint go gcinntear maoiniú intíre don oideachas le tosca eacnamaíocha níos leithne freisin: á mheabhrú gur gá oibriú ar bhearta faoisimh fiachais, lena n-áirítear trí dhul i mbun idirphlé straitéiseach leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, lena gcuirtear ar chumas tíortha comhpháirtíochta a bhfuil fiachas acu sciar níos mó dá mbuiséad a leithdháileadh ar an oideachas;

44. á aithint go bhfónann cistiú poiblí mar phríomhuirlis airgeadais agus mar uirlis bhunúsach airgeadais, áfach, nach leor é chun an bhearna cistiúcháin oideachais a chumhdach leis féin; á aithint freisin an ról atá ag comhpháirtíochtaí feabhsaithe poiblí-príobháideacha (CPP), go háirithe i réimse na hoiliúna teicniúla agus gairmiúla, chun oiriúnú go córasach d'athruithe sa réimse gairme trí uas-sciliú agus athsciliú, agus béim ar leith á leagan ar thimpeallachtaí digiteacha inrochtana a chruthú lena bhféadfar inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt nó a fheabhsú; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór an earnáil phríobháideach a chur san áireamh ar bhealach a ndéanfar faireachán cúramach air chun go seachnófar tráchtearrú agus príobháidiú seirbhísí oideachais agus géarú ar na neamhionannais atá ann cheana, agus a áirithiú ag an am céanna go n-urramófar cearta bunúsacha an duine i gcónaí le haon infheistíocht sa chóras oideachais, lena n-áirítear an ceart chun rochtain uilíoch ar oideachas, agus prionsabail dhaonnúla i ngníomhaíochtaí daonnúla; á áitiú nach mór CPPanna a dhearadh ar bhealaí nach gcuireann ualaí nó rioscaí méadaithe ar an sparán poiblí agus nach gcuireann cur chuige margadh-thiomáinte chun cinn lena mbreathnaítear ar an oideachas mar thráchtearra seachas mar cheart bunúsach an duine; á mheabhrú nach féidir leis an earnáil phríobháideach teacht in ionad infheistíochtaí poiblí i seirbhísí criticiúla, amhail an t-oideachas, ach na hinfheistíochtaí sin a chomhlánú, ar infheistíochtaí iad lena gcuirtear ionchais ríthábhachtacha fhadtéarmacha ar fáil chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht;

45. ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir le CPPanna atá deartha go cúramach agus a ndéantar grinnscrúdú orthu cabhrú le rochtain a chur ar fáil ar oideachas uilíoch ar ardchaighdeán agus ar oiliúint theicniúil agus ghairmiúil do chách; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé timpeallachtaí foghlama atá feistithe go leordhóthanach a thógáil lena dtugtar aghaidh ar mhórfhadhbanna amhail ganntanais múinteoirí, agus na céimeanna is gá a ghlacadh chun modhanna teagaisc níos fearr a bhaint amach chun rath agus inbhuanaitheacht infheistíochtaí AE a áirithiú, go háirithe faoin tionscnamh 'Global Gateway', ar cheart sásraí leantacha agus faireacháin a bheith ag gabháil leis chun an tionchar a thomhas;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le gairmithe oilte atá ar fáil go háitiúil le linn infheistíochtaí a phleanáil agus a chur chun feidhme faoin ionstraim NDICI — an Eoraip Dhomhanda, agus faoin tionscnamh 'Global Gateway', go háirithe i réimse an oideachais; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le cláir oideachais theicniúil agus ghairmoideachais agus le cláir oiliúna eile chun go mbeidh infheistíochtaí AE níos inbhuanaithe agus níos tairbhiúla do thíortha comhpháirtíochta san fhadtéarma freisin;

47. á chur in iúl gur geal léi tiomantas polaitiúil reatha an Choimisiúin 10 % ar a laghad den bhuiséad don chomhar um fhorbairt faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a thiomnú chun tacú le rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán i dtíortha i mbéal forbartha;

48. ag tathant ar an gCoimisiún straitéis shoiléir cur chun feidhme maidir le gníomhaíocht sheachtrach a shainiú dá sprioc chaiteachais 10 % ar a laghad ar an oideachas gan mhoill, agus an cistiú sin a úsáid ar bhealach níos dírithe ar thorthaí, le táscairí soiléire, trédhearcacha bunaithe ar shonraí imdhealaithe, in éineacht le treoirlínte a dhéanann ailíniú leis na moltaí ó Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Claochlú an Oideachais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna go leor tíortha tagairt do bhuiséadú agus bainistiú bunaithe ar thorthaí mar bhealach chun éifeachtúlacht níos fearr a áirithiú ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Claochlú an Oideachais in 2022; ag tathant ar an gCoimisiún, i bpróiseas athbhreithnithe meántéarma na hionstraime NDICI — an Eoraip Dhomhanda, scrúdú géar a dhéanamh ar na méideanna agus ar na tionscadail a bhaineann le rochtain ar oideachas agus ar oiliúint i dtíortha comhpháirtíochta agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dtacaítear leo, agus an gealltanas polaitiúil a thug an Coimisiún á chur san áireamh;

49. á iarraidh ar an gCoimisiún gealltanas a thabhairt sciar seasta, 10 % ar a laghad, de bhuiséad beartais forbartha reatha an Aontais agus a bheidh ann amach anseo a thiomnú, ag bogadh i dtreo 15 % mar a iarradh ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Claochlú an Oideachais, chun tacú le rochtain ar oideachas uilíoch agus ar oiliúint theicniúil agus ghairmiúil ar ardchaighdeán i dtíortha comhpháirtíochta, agus ar an gcaoi sin intuarthacht an chúnaimh a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi an aird a thugtar ar Cheannteideal 6 sa togra ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2024-2027, le méadú EUR 10.5 billiún ar a laghad chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla i dtíortha comhpháirtíochta; á chur i bhfáth, ina leith sin, a thábhachtaí atá sé cistiú a mhéadú do chláir gheografacha agus théamacha i réimse an oideachais agus na hoiliúna faoin ionstraim NDICI — an Eoraip Dhomhanda;

50. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe forbartha a ngealltanas 0.7 % dá n-ollioncam náisiúnta (OIN) a chaitheamh ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA); ag tabhairt dá haire gur gheall na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2002 go ndéanfaidís a ndícheall ODA/OIN a dtíre a mhéadú go 0.33 %; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá déanta go dtí seo ag na Ballstáit sin agus ag Ballstáit eile a gcaiteachas ar ODA a mhéadú de réir a chéile; ag spreagadh na mBallstát sin leanúint ar aghaidh ar an mbealach sin;

51. á chur in iúl gur geal léi ceannaireacht AE maidir le cistiú don oideachas i gcásanna éigeandála, a shroich 10 % dá bhuiséad daonnúil; ag tathant ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a neartú chun dlús a chur lena rannchuidiú leis an oideachas i gcásanna éigeandála agus páirt a ghlacadh sa cheannaireacht sin freisin trína gcreataí dlíthiúla a neartú chun an sprioc sin a bhaint amach faoi 2030; ag aithint gur gá eagraíochtaí áitiúla a chuireann rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán ar fáil a mhaoiniú, cur chuige an naisc thriaraigh a chur i bhfeidhm agus tacú le múinteoirí chun oideachas agus infheistíocht ar ardchaighdeán a áirithiú in ábhair scoile, go háirithe do leanaí atá easáitíithe go fadtéarmach;

52. deimhníonn sí a thábhachtaí atá sé leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ghealltanais an Choimisiúin tacú le rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán;

53. ag aithint ról ríthábhachtach múinteoirí cáilithe san oideachas ardcháilíochta, go háirithe múinteoirí baineanna ar féidir leo a bheith ina n-eiseamláirí do chailíní; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí méadaithe chun feabhas a chur ar stádas múinteoirí agus ar a ndálaí oibre chun gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos tarraingtí trí idirphlé sóisialta láidir agus trí rannpháirtíocht múinteoirí i bpróisis chinnteoireachta oideachais agus trí fheabhas a chur ar mhaoiniú do mhúinteoirí trí straitéisí athchóirithe náisiúnta comhtháite, lena n-áirítear rialachas éifeachtach agus straitéisí airgeadais agus buiséadú tiomnaithe;

54. á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh seoladh Thionscnamh Réigiúnach na Múinteoirí don Afraic mar thionscnamh suaitheanta faoin bPacáiste Global Gateway AE don Afraic;

55. ag tabhairt dá haire nach mór do chlárú thacaíocht airgeadais AE um fhorbairt, go háirithe sa réimse maidir le rochtain a fháil ar oideachas ar ardchaighdeán agus oiliúint theicniúil agus gairme, a bheith ailínithe le gealltanais agus tosaíochtaí polaitiúla agus buiséadacha tíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha; á chur i bhfios go láidir gur réamhriachtanas dosheachanta é tiomantas na dtíortha comhpháirtíochta agus úinéireacht intíre chun inbhuanaitheacht na dtionscadal a chuirtear chun feidhme le cistiú ón Aontas a áirithiú;

56. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na hionsaithe a rinne grúpaí antoisceacha a bhí dírithe ar scoileanna; ag cáineadh go láidir aon ionsaithe ar scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí, agus á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil chun cosc a chur ar ghrúpaí armtha a bheith dírithe ar scoileanna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tacú, i bhfóraim idirnáisiúnta, le scoileanna a choinneáil ar oscailt, inrochtana agus sábháilte ó ionsaithe, agus an úsáid a bhaineann grúpaí armtha as scoileanna agus ollscoileanna chun críoch míleata a cháineadh;

57. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun a áirithiú go dtacóidh infheistíochtaí AE san oideachas agus san oiliúint le forbairt inbhuanaithe tíortha comhpháirtíochta, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus SDGanna 4 agus 5; á iarraidh go ndéanfaí Ballstáit AE a shlógadh chun

comhpháirtíochtaí a chur chun feidhme le tíortha atá i mbéal forbartha maidir le hoideachas ollscoile agus oiliúint ghairmiúil agus maidir le daoine óga i dtíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha staidéar a dhéanamh thar lear, lena ráthófar an tionchar dearfach ina bpobail tionscnaimh;

58. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá dúshlán ollmhór roimh an domhan maidir le rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán. Tá múinteoirí oilte, bonneagar cuí chomh maith le hábhar foghlama leormhaith in easnamh. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh isteach ar oideachas 90 % de leanaí ar domhan. Tar éis na paindéime, rinneadh scoileanna a athoscailt go mall. Le linn na tréimhse sin, bhí tionchar suntasach ag na coinbhleachtaí armtha, easáitiú éigeantach, tubaistí sláinte agus géarchéimeanna eile ar rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán agus tá uasteorainneacha a n-acmhainneachtaí sroichte ag córais oideachais mar gheall orthu. Tá méadú tagtha ar an mbearna chistiúcháin chun sprioc forbartha inbhuanaithe 4 (rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán) a bhaint amach, ar méadú 97 mbilliún USD é, rud a fhágann go bhfuil 21 % ar a laghad den chistiú is gá chun oideachas ar ardchaighdeán atá inrochtana agus cuimsitheach a chur ar fáil neamhchuntasaithe. Tá tionchar díréireach ag an ngéarchéim ar thíortha i mbéal forbartha, go háirithe sa réigiún fo-Shahárach, arb é an t-aon réigiún é ina bhfuil líon na leanaí nach bhfuil ag freastal ar scoil fós ag fás. Tá tionchar ag na géarchéimeanna sin go háirithe ar chailíní agus leanaí atá faoi mhíchumas, chomh maith le grúpaí mionlaigh amhail pobail dhúchasacha, mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha. In 2022 amháin, shroich easáitiú éigeantach an leibhéal is airde riamh, 100 milliún duine, ar leanaí agus ógánaigh iad leath díobh, a bhfuil rochtain ar oideachas ábhartha ar ardchaighdeán de dhíth orthu. Ina theannta sin, idir Eanáir 2020 agus Nollaig 2021, bhí 5,000 teagmhas ann d'ionsaithe ar an oideachas agus cásanna d'úsáid mhíleata scoileanna, agus bhí 9,000 scoláire agus oidí arna bhfuadach, ngabháil, ngortú nó marú ar fud 85 thír. Tá sé sin sa bhreis ar dhúnadh na scoileanna mar gheall ar choinbhleachtaí armtha agus éagobhsaíocht pholaitiúil, agus tá oideachas cailíní, dídeanaithe agus grúpaí eile sa daonra i mbaol. Tá tionchar as cuimse ag na géarchéimeanna sin ar an infheistíocht is gá chun córais oideachais a chlaochlú agus a n-athléimneacht a áirithiú maidir le haon chur isteach amach anseo. Tá na dúshláin sin ag cur as do dheiseanna daoine óga i dtíortha i mbéal forbartha chun rochtain a bheith acu ar eolas agus scileanna is gá dá dtodhchaí.

Chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin ar cúis imní é, rinne AE oideachas i gcásanna éigeandála mar chuid dá fhreagairt dhaonnúil agus rinne sé dlúthnasc idir é agus comhar um fhorbairt. Tá breis agus EUR 970 milliún caite ag AE i gcásanna éigeandála idir 2015 agus 2022, agus tá AE ar thús cadhnaíochta i gcónaí maidir leis an slógadh idirnáisiúnta don oideachas i gcásanna éigeandála. Tá méadú suntasach tagtha ar sciar an oideachais i gcásanna éigeandála inár mbuiséad daonnúil le blianta beaga anuas (ag tosú ó 1 % in 2015 go 10 % faoi láthair).

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim foghlama dhomhanda, gheall an Coimisiún 10 % ar a laghad dá bhuiséad forbartha a thiomnú chun dlús a chur le rochtain ar oideachas. Is tionscnamh réamhbhreathnaitheach í an chéim sin ina dtacaíonn Parlaimint na hEorpa go láidir leis an gCoimisiún agus ina molann sí go mbeidh páirt lárnach ag AE ar an leibhéal domhanda chun dlús a chur le rochtain ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán. Creideann an rapóirtéir go láidir gur uirlis chothrománach é an t-oideachas a mbíonn tionchar aige ar gach gné den fhorbairt inbhuanaithe agus go bhfuil cumhacht chlaochlaithe aige, maidir le daoine óga a chumasú chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, tacú lena bpobail agus deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta.

Agus na riachtanais ollmhóra, dúshláin éifeachtúlachta, agus easnaimh atá fréamhaithe go domhain agus aitheanta maidir le cur chun feidhme chistiú forbartha AE, ní mór measúnú a dhéanamh ar conas is féidir le AE an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní ganna airgeadais agus cumhacht thiomnú airgeadais AE don oideachas a mhéadú.

Tá na moltaí agus iarrataí a dhéantar sa tuarascáil seo bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleathana le réimse leathan geallsealbhóirí ó thíortha agus réigiúin éagsúla. Ní hamháin go ndéanann an rapóirtéir, mar Bhuanrapóirtéir ar Oideachas, achoimre ar na cuntais a bhaineann le nós imeachta dréachtaithe na tuarascála seo, ach áirítear leis chomh maith ráitis agus seasaimh a bhí mar thoradh ar éisteachtaí, malartuithe agus díospóireachtaí roimhe a bhaineann le réimse an oideachais agus na hoiliúna.

D'aithin an Banc Domhanda luach straitéiseach sainiúil gníomhaithe creideamhbhunaithe sa chomhar um fhorbairt i bhfianaise a gcumas teagmhála ar an láthair agus a ngníomhaíochtaí tacaíochta. Tá FBOnna in áit uathúil chun rannchuidiú go dearfach, ós rud é go bhfuil dea-theagmháil acu leis an bpobal agus cóngarach do na daoine i gcoitinne. Is féidir leis na gníomhaithe sin an bhearna a líonadh in áit nach féidir le gníomhaithe stáit feidhmiú agus ina bhfuil easpa seirbhísí sóisialta bunúsacha, go háirithe sa réigiún fo-Shahárach. Is mian leis an rapóirtéir aird a tharraingt ar an gcás conspóideach nach n-aithníonn AE fós a n-acmhainneacht chun forbairt inbhuanaithe a éascú, in ainneoin go gcuireann eagraíochtaí creideamhbhunaithe meán 40 % den oideachas sa réigiún fo-Shahárach ar fáil. Agus iad sin á gcur san áireamh, molann an rapóirtéir rannpháirtíocht níos láidre AE le FBOnna agus iarrann sé go ndéanfaí cuid díobh go córasach sa chomhar AE um fhorbairt.

Aithníonn an rapóirtéir freisin go bhfuil gá éifeachtúlacht na dtionscnamh a bhaineann leis an oideachas, ar tionscnaimh iad arna gcistiú ag AE, a mhéadú go suntasach chun spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart úinéireacht intíre a fheabhsú. Molann an rapóirtéir iarrachtaí AE a dhíriú, go háirithe i réimse an oideachais, ina bhfuil tíortha comhpháirtíochta féin ag glacadh páirte freisin. Tacaíonn sé sin le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach infheistíochtaí AE agus cuireann sé ar ár gcumas freisin tionchar chistiú AE a uasmhéadú chun forbairt inbhuanaithe a éascú. Den mheon sin, trí chur chun feidhme chistiú AE, ní mór a áirithiú go bhfuil tíortha comhpháirtíochta tiomanta freagracht a ghlacadh orthu féin chun tionscadail a chothabháil.

Ar deireadh, athdhearbhaíonn an rapóirtéir a seasamh nár cheart do chistiú AE um fhorbairt daoine óga a spreagadh choíche chun a dtíortha dúchais a fhágáil. Os a choinne sin, ba cheart go soláthródh sé na dálaí dóibh chun cur le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a bpobal. I réimse an oideachais, ní mór do AE a áirithiú nach n-eascróidh imirce daoine oilte ón Afraic mar thoradh ar na hiarrachtaí, ach go gcruthófar deiseanna fostaíochta agus rochtain ar obair chuibhiúil i dtíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha. I ndáil leis sin, tá meaitseáil scileanna agus aistriú eolais agus scileanna atá ábhartha do riachtanais na ngeilleagar nua-aimseartha, chomh maith leis an timpeallacht áitiúil, ríthábhachtach. Is uirlis thábhachtach é sin chun aghaidh a thabhairt ar easpa rochtana ar oideachas agus ar obair chuibhiúil mar bhunchúiseanna na himirce.

Cuireann an rapóirtéir béim ar an bhfíoras, má chuirtear na dálaí cearta ar fáil, go mbeidh daoine óga ábalta borradh a chur faoi fhorbairt a n-ilchríche. Braitheann Afraic a bheadh láidir, sábháilte agus rathúil ar chumhachtú na chéad ghlúine eile san ilchríoch. Is í an rochtain ar oideachas agus ar oiliúint an uirlis chun cur ar a gcumas rialachas agus institiúidí a

neartú agus athchóirithe is gá a chur chun feidhme ionas gur féidir leis an Afraic barr a cumais a bhaint amach sa chéad seo.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 0<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ilan De Basso, Marlene Mortler, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 15 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Eleni Stavrou, Tomas Tobé |
| Renew | Barry Andrews, Catherine Chabaud |
| S&D | Christophe Clergeau, Ilan De Basso, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Carlos Zorrinho |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| ID | Dominique Bilde |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |

Key to symbols:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh